II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2497 ÓN gCOIMISIÚN

### an 12 Deireadh Fómhair 2022

### lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rannóga na Fraince agus na Ríochta Aontaithe sa Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhailiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá liosta de rannóga an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme ("rannóga LSCF") le haghaidh gach Ballstáit in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(2) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin, roinntear an Fhrainc ina 25 rannóg. Chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, d'iarr an Fhrainc rannóga LSCF Guadeloupe agus Martinique a chumasc in aon rannóg LSCF amháin: Antilles françaises. Tá bonn cirt leis an iarraidh sin: tá cineálacha feirmeoireachta atá an-chosúil le chéile ar fheirmeacha sa dá rannóg LSCF atá ann faoi láthair (an-speisialaithe i bhfás torthaí, go háirithe bananaí, chomh maith le táirgeadh agus gairneoireacht cána siúcra) agus, le rannóga Guadeloupe agus Martinique a chumasc in aon rannóg LSCF amháin, beidh méid sampla níos mó ann ina mbeidh torthaí níos láidre maidir le tuilleadh cineálacha feirmeoireachta dá bharr. Ba cheart, dá bhrí sin, an cumasc sin a léiriú i liosta na rannóg LSCF a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(3) Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, ní bhaileofar sonraí LSCF a thuilleadh sa tír sin. Ba cheart, dá bhrí sin, an Ríocht Aontaithe a bhaint de liosta na rannóg LSCF a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a leasú dá réir.

(5) Chun am leordhóthanach a thabhairt chun an bailiú sonraí le haghaidh rannóg nua na Fraince a oiriúnú, ba cheart feidhm a bheith ag an liosta cothrom le dáta de rannóga LSCF dá bhforáiltear sa Rialachán seo amhail ón mbliain chuntasaíochta 2023,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 328, 15.12.2009, lch. 27.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón mbliain chuntasaíochta 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 mar a leanas:

(1) déantar liosta na rannóg LSCF a bhaineann leis an bhFrainc a ionadú mar a leanas:

"*An Fhrainc*

1. Île-de-France
2. Champagne-Ardenne
3. Picardie
4. Haute-Normandie
5. Centre
6. Basse-Normandie
7. Bourgogne
8. Nord-Pas de Calais
9. Lorraine
10. Alsace
11. Franche-Comté
12. Pays de la Loire
13. Bretagne
14. Poitou-Charentes
15. Aquitaine
16. Midi-Pyrénées
17. Limousin
18. Rhône-Alpes
19. Auvergne
20. Languedoc-Roussillon
21. Provence-Alpes-Côte d'Azur
22. Corse
23. Antilles françaises
24. La Réunion";

(2) scriostar an iontráil le haghaidh na Ríochta Aontaithe.